# RIALACHÁN (AE) 2022/85 ÓN gCOIMISIÚN

**an 20 Eanáir 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh floiniocaimíde i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás floiniocaimíde, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú chun táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach floiniocaimíd a úsáid ar thorthaí citris, silíní, plumaí, sútha talún, sméara dubha, sútha craobh, "torthaí beaga eile agus caora eile", "glasraí fréimhe agus tiúbair eile", trátaí, ubhthorthaí, cúirséid, guird a bhfuil craiceann do-ite acu, "leitísí agus plandaí sailéid", piseánaigh, seagal, cruithneacht agus leannlusanna, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ([2]). Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus cuireadh ar fáil don phobal iad.

(5) A mhéid a bhaineann le torthaí citris, silíní, plumaí, trátaí, ubhthorthaí, cúirséid, guird a bhfuil craiceann do-ite acu, seagal, cruithneacht agus leannlusanna, chuir an t-iarratasóir faisnéis isteach nach raibh ar fáil roimhe sin le linn an athbhreithnithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Baineann an fhaisnéis sin le modhanna anailíseacha, trialacha iarmhair, cobhsaíocht stórála agus staidéir hidrealaithe.

(6) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, i gcás na dtáirgí uile a liostaítear in aithris 2, gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le sonraí agus go raibh na modhnuithe ar MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir sé an fhaisnéis is déanaí faoi airíonna tocsaineolaíocha floiniocaimíde san áireamh. Le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

---

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Tuarascálacha eolaíocha ó EFSA atá ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu:
Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for flonicamid in strawberries and other berries [Tuairim Réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh floiniocaimíde i dtorthaí citris a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(7):5745.
Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for flonicamid in various crops [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh floiniocaimíde i mbarra éagsúla a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(9):5410.
Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for flonicamid in various root crops [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh floiniocaimíde i mbarra fréimhe a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(9):5414.
Reasoned Opinion on the evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for flonicamid. [Tuairim Réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú Airteagal 12 ar MRLanna le haghaidh floiniocaimíde]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(5):6117.

(7) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe faoi seach atá á mbeartú ar na MRLanna.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh floiniocaimíd:

"**Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| Códuimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Floiniocaimíd (an tsuim de fhloiniocaimíd, TFNA agus TFNG arna sloinneadh mar fhloiniocaimíd) (R) |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | **0,15** |
| 0110010 | Seadóga | |
| 0110020 | Oráistí | |
| 0110030 | Líomóidí | |
| 0110040 | Líomaí | |
| 0110050 | Mandairíní | |
| 0110990 | Eile (2) | |
| 0120000 | **Cnónna crann** | 0.06 (*) |
| 0120010 | Almóinní | |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | |
| 0120030 | Cnónna caisiú | |
| 0120040 | Castáin | |
| 0120050 | Cnónna cócó | |
| 0120060 | Cnónna coill | |
| 0120070 | Macadaimia | |
| 0120080 | Cnónna peacáin | |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | |
| 0120100 | Cnónna pistéise | |
| 0120110 | Gallchnónna | |
| 0120990 | Eile (2) | |
| 0130000 | **Torthaí póma** | 0.3 |
| 0130010 | Úlla | |
| 0130020 | Piorraí | |
| 0130030 | Cainchí | |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | |
| 0130050 | Locuatanna | |
| 0130990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | |
| 0140010 | Aibreoga | 0.3 |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | **0,4** |
| 0140030 | Péitseoga | 0.4 |
| 0140040 | Plumaí | **0,3** |
| 0140990 | Eile (2) | 0.03 (*) |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | (a) *fíonchaora* | 0.03 (*) |
| 0151010 | Fíonchaora boird | |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | |
| 0152000 | (b) *sútha talún* | **0.7** |
| 0153000 | (c) *torthaí cána* | |
| 0153010 | Sméara dubha | **1** |
| 0153020 | Eithreoga | 0.03 (*) |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | **1** |
| 0153990 | Eile (2) | 0.03 (*) |
| 0154000 | (d) *torthaí beaga eile agus caora eile* | |
| 0154010 | Fraocháin | **0.8** |
| 0154020 | Mónóga | **0.8** |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | **0.8** |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | **0.8** |
| 0154050 | Mogóirí róis | **0.7** |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | **0.7** |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | **0.7** |
| 0154080 | Caora troim | **0.7** |
| 0154990 | Eile (2) | **0.7** |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | 0.03 (*) |
| 0161000 | (a) *craiceann inite* | |
| 0161010 | Dátaí | |
| 0161020 | Figí | |
| 0161030 | Ológa boird | |
| 0161040 | Cumcuait | |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | |
| 0161070 | Plumaí láva | |
| 0161990 | Eile (2) | |
| 0162000 | (b) *craiceann do-ite, é beag* | |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0162020 | Lítsíonna | |
| 0162030 | Páiseoga | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | |
| 0162050 | Réalt-úlla | |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | |
| 0162990 | Eile (2) | |
| 0163000 | (c) *craiceann do-ite, é mór* | |
| 0163010 | Abhacáid | |
| 0163020 | Bananaí | |
| 0163030 | Mangónna | |
| 0163040 | Papánna | |
| 0163050 | Pomagránaití | |
| 0163060 | Céiriomoighe | |
| 0163070 | Guábhaí | |
| 0163080 | Anainn | |
| 0163090 | Torthaí aráin | |
| 0163100 | Duraígh | |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | |
| 0163990 | Eile (2) | |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | |
| 0211000 | (a) *prátaí* | 0.09 |
| 0212000 | (b) *glasraí fréimhe agus tiúbair thrópaiceacha* | 0.03 (*) |
| 0212010 | Casabhaigh | |
| 0212020 | Prátaí milse | |
| 0212030 | Ionaim | |
| 0212040 | Ararút | |
| 0212990 | Eile (2) | |
| 0213000 | (c) *glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra* | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | **0.3** |
| 0213020 | Meacain dhearga | **0.3** |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | **0.3** |
| 0213040 | Meacain ragaim | **0.3** |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | **0.3** |
| 0213060 | Meacain bhána | **0.3** |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | **0.3** |
| 0213080 | Raidisí | **0.6** |
| 0213090 | Salsabh | **0.3** |
| 0213100 | Svaeideanna | **0.3** |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0213110 | Tornapaí | **0.3** |
| 0213990 | Eile (2) | **0.3** |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | 0.03 (*) |
| 0220010 | Gairleog | |
| 0220020 | Oinniúin | |
| 0220030 | Seallóidí | |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | |
| 0220990 | Eile (2) | |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | (a) *Solanaceae agus Malvaceae* | |
| 0231010 | Trátaí | **0,5** |
| 0231020 | Piobair mhilse/piobair chloigíneacha | 0.3 |
| 0231030 | Ubhthorthaí | **0,5** |
| 0231040 | Ocra | 0.03 (*) |
| 0231990 | Eile (2) | 0.03 (*) |
| 0232000 | (b) *guird a bhfuil craiceann inite acu* | 0.5 |
| 0232010 | Cúcamair | |
| 0232020 | Gircíní | |
| 0232030 | Cúirséid | |
| 0232990 | Eile (2) | |
| 0233000 | (c) *guird a bhfuil craiceann do-ite acu* | **0,4** |
| 0233010 | Mealbhacáin | |
| 0233020 | Puimcíní | |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | |
| 0233990 | Eile (2) | |
| 0234000 | (d) *arbhar milis* | 0.03 (*) |
| 0239000 | (e) *glasraí eile a thugann torthaí* | 0.03 (*) |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | |
| 0241000 | (a) *praiseach bhlátha* | 0.03 (*) |
| 0241010 | Brocailí | |
| 0241020 | Cóiliseacha | |
| 0241990 | Eile (2) | |
| 0242000 | (b) *praiseach chinn* | |
| 0242010 | Bachlóga na Bruiséile | 0.6 |
| 0242020 | Cabáistí cinn | 0.5 |
| 0242990 | Eile (2) | 0.03 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0243000 | (c) *praiseach dhuilleach* | 0.03 (*) |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | |
| 0243020 | Cáil | |
| 0243990 | Eile (2) | |
| 0244000 | (d) *cálráibí* | 0.03 (*) |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0251000 | (a) *leitísí agus plandaí sailéid* | **0.07** |
| 0251010 | Ceathrúna uain | |
| 0251020 | Leitísí | |
| 0251030 | Searbháin muc | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus péacáin eile | |
| 0251050 | Biolair thalún | |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola | |
| 0251070 | Mustard dearg | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | |
| 0251990 | Eile (2) | |
| 0252000 | (b) *spionáistí agus duilleoga comhchosúla* | 0.03 (*) |
| 0252010 | Spionáistí | |
| 0252020 | Puirsleáin | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | |
| 0252990 | Eile (2) | |
| 0253000 | (c) *duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla* | 0.03 (*) |
| 0254000 | (d) *biolair uisce* | 0.03 (*) |
| 0255000 | (e) *sreabháin na Beilge* | 0.03 (*) |
| 0256000 | (f) *luibheanna agus bláthanna inite* | 6 |
| 0256010 | Costóg | |
| 0256020 | Síobhas | |
| 0256030 | Duilleoga soilire | |
| 0256040 | Peirsil | |
| 0256050 | Sáiste | |
| 0256060 | Marós | |
| 0256070 | Tím | |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | |
| 0256090 | Duilleog labhrais | |
| 0256100 | Dragan | |
| 0256990 | Eile (2) | |
| 0260000 | **Léagúim** | |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | 1.5 |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | 0.03 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | 1.5 |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | 0.7 |
| 0260050 | Lintilí | 0.03 (*) |
| 0260990 | Eile (2) | 0.03 (*) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | 0.03 (*) |
| 0270010 | Lus súgach | |
| 0270020 | Cardúin | |
| 0270030 | Soilirí | |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | |
| 0270060 | Cainneanna | |
| 0270070 | Biabhóg | |
| 0270080 | Péacáin bhambú | |
| 0270090 | Croíthe pailme | |
| 0270990 | Eile (2) | |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | 0.03 (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | |
| 0280020 | Fungais fhiáine | |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | 0.03 (*) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | **0.8** |
| 0300010 | Pónairí | |
| 0300020 | Lintilí | |
| 0300030 | Piseanna | |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | |
| 0300990 | Eile (2) | |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | 0.06 (*) |
| 0401020 | Piseanna talún | 0.06 (*) |
| 0401030 | Síolta poipín | 0.06 (*) |
| 0401040 | Síolta seasamain | 0.06 (*) |
| 0401050 | Síolta lus na gréine | 0.06 (*) |
| 0401060 | Síolta ráibe | 0.06 (*) |
| 0401070 | Pónairí soighe | 0.06 (*) |
| 0401080 | Síolta mustaird | 0.06 (*) |
| 0401090 | Síolta cadáis | 0.2 |
| 0401100 | Síolta puimcín | 0.06 (*) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | 0.06 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0401120 | Síolta borráiste | 0.06 (*) |
| 0401130 | Caimilín | 0.06 (*) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | 0.06 (*) |
| 0401150 | Pónairí ricne | 0.06 (*) |
| 0401990 | Eile (2) | 0.06 (*) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | 0.06 (*) |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | |
| 0402020 | Eithní pailme ola | |
| 0402030 | Torthaí pailme ola | |
| 0402040 | Capac | |
| 0402990 | Eile (2) | |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | |
| 0500010 | Eorna | 0.4 |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | 0.03 (*) |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | 0.03 (*) |
| 0500040 | Muiléad coiteann | 0.03 (*) |
| 0500050 | Coirce | 0.4 |
| 0500060 | Rís | 0.03 (*) |
| 0500070 | Seagal | **2** |
| 0500080 | Sorgam | 0.03 (*) |
| 0500090 | Cruithneacht | **2** |
| 0500990 | Eile (2) | 0.03 (*) |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | 0.1 (*) |
| 0610000 | **Taenna** | |
| 0620000 | **Pónairí caife** | |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | |
| 0631000 | (a) *bláthanna* | |
| 0631010 | Camán meall | |
| 0631020 | Roiseog | |
| 0631030 | Rós | |
| 0631040 | Seasmain | |
| 0631050 | Teile | |
| 0631990 | Eile (2) | |
| 0632000 | (b) *duilleoga agus luibheanna* | |
| 0632010 | Sú talún | |
| 0632020 | Rooibos | |
| 0632030 | Maité | |
| 0632990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0633000 | (c) *fréamhacha* | |
| 0633010 | Caorthann corraigh | |
| 0633020 | Ginsing | |
| 0633990 | Eile (2) | |
| 0639000 | (d) *aon chuid eile den phlanda* | |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | |
| 0650000 | **Carúib** | |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | **3** |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 0.1 (*) |
| 0810010 | Ainís | |
| 0810020 | Calaindí | |
| 0810030 | Soilire | |
| 0810040 | Lus an choire | |
| 0810050 | Cuimín | |
| 0810060 | Lus mín | |
| 0810070 | Finéal | |
| 0810080 | Feinigréag | |
| 0810090 | Noitmig | |
| 0810990 | Eile (2) | |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 0.1 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | |
| 0820020 | Piobar Szechuan | |
| 0820030 | Cearbhas | |
| 0820040 | Cardamam | |
| 0820050 | Caor aitil | |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | |
| 0820070 | Fanaile | |
| 0820080 | Tamarain | |
| 0820990 | Eile (2) | |
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 0.1 (*) |
| 0830010 | Cainéal | |
| 0830990 | Eile (2) | |
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 0.1 (*) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 0.1 (*) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | |
| 0840990 | Eile (2) | 0.1 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 0.1 (*) |
| 0850010 | Clóibh | |
| 0850020 | Caprais | |
| 0850990 | Eile (2) | |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 0.1 (*) |
| 0860010 | Cróch | |
| 0860990 | Eile (2) | |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 0.1 (*) |
| 0870010 | Maicis | |
| 0870990 | Eile (2) | |
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | 0.03 (*) |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | |
| 0900020 | Cánaí siúcra | |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | |
| 0900990 | Eile (2) | |
| 1000000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | |
| 1011000 | (a) *mucra* | |
| 1011010 | Matán | 0.15 |
| 1011020 | Saill | 0.05 |
| 1011030 | An t-ae | 0.2 |
| 1011040 | An duán | 0.2 |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1011990 | Eile (2) | 0.03 |
| 1012000 | (b) *bó-ainmhí* | |
| 1012010 | Matán | 0.15 |
| 1012020 | Saill | 0.05 |
| 1012030 | An t-ae | 0.2 |
| 1012040 | An duán | 0.2 |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1012990 | Eile (2) | 0.04 |
| 1013000 | (c) *caoirigh* | |
| 1013010 | Matán | 0.15 |
| 1013020 | Saill | 0.05 |
| 1013030 | An t-ae | 0.2 |
| 1013040 | An duán | 0.2 |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1013990 | Eile (2) | 0.04 |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1014000 | d) *gabhar* | |
| 1014010 | Matán | 0.15 |
| 1014020 | Saill | 0.05 |
| 1014030 | An t-ae | 0.2 |
| 1014040 | An duán | 0.2 |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1014990 | Eile (2) | 0.04 |
| 1015000 | (e) *eachaí* | |
| 1015010 | Matán | 0.15 |
| 1015020 | Saill | 0.05 |
| 1015030 | An t-ae | 0.2 |
| 1015040 | An duán | 0.2 |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1015990 | Eile (2) | 0.04 |
| 1016000 | (f) *éanlaith chlóis* | |
| 1016010 | Matán | 0.1 |
| 1016020 | Saill | 0.05 |
| 1016030 | An t-ae | 0.1 |
| 1016040 | An duán | 0.1 |
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.1 |
| 1016990 | Eile (2) | 0.03 |
| 1017000 | (g) *ainmhithe talún feirme eile* | |
| 1017010 | Matán | 0.15 |
| 1017020 | Saill | 0.05 |
| 1017030 | An t-ae | 0.2 |
| 1017040 | An duán | 0.2 |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0.2 |
| 1017990 | Eile (2) | 0.04 |
| 1020000 | **Bainne** | 0.15 |
| 1020010 | Eallach | |
| 1020020 | Caoirigh | |
| 1020030 | Gabhar | |
| 1020040 | Capall | |
| 1020990 | Eile (2) | |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | 0.15 |
| 1030010 | Sicín | |
| 1030020 | Lacha | |
| 1030030 | Géanna | |
| 1030040 | Gearg | |
| 1030990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)** | 0.05 (*) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | 0.02 (*) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | 0.02 (*) |
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | 0.02 (*) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) Teorainn cinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I.

**Floiniocaimíd (an tsuim de fhloiniocaimíd, TFNA agus TFNG arna sloinneadh mar fhloiniocaimíd) (R)**

(R) = Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an comhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas:

Floiniocaimíd — cód 1000000, seachas cód 1040000: An tsuim de fhloiniocaimíd agus TFNA-AM, arna sloinneadh mar fhloiniocaimíd"